

**COMHDHÁIL AR AONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– AN ÚCRÁIN –**

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)**

AD 50/26

LIMITE

CONF-UA 12

DOICIMÉAD AONTACHAIS

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
- Caibidil 6 – An caidreamh seachtrach

CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS

An Úcráin

COMHSHEASAMH ÓN AONTAS

(ag eascairt as Seasamh Caibidlíochta na hÚcráine AD 35/26 CONF-UA 9)

Cnuasach Caibidlíochta: 6

An caidreamh seachtrach

Lena n-áirítear caibidlí 30 – An caidreamh seachtrach, 31 – An beartas eachtrach, slándála agus cosanta

COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Úcráin (AD 9/24 CONF-UA 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhorhluáitear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh an Úcráin nó an tAontas in iúl maidir le caibidlí shonrach den chaibidlíocht, ní thabharfar léi réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;
- d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

agus, tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 5, 12, 42, 49, 50, 51 agus 52 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Úcráin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Úcráin, i seasamh AD 35/26 CONF-UA 9 uaithi, le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 6 mar atá i bhfeidhm an 8 Iúil 2026 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.

1. Caibidil 30 – An caidreamh seachtrach

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a áirithiú go bhfuil an cumas riaracháin is gá i bhfeidhm chun cur chun feidhme an bheartais a fhorfheidhmiú agus chun a áirithiú go dtabharfar a comhaontuithe idirnáisiúnta chun comhréireachta le *acquis* an Aontais agus go gcuirfear reachtaíocht uile an Aontais atá infheidhme go díreach i réimse chomhbheartas tráchtála an Aontais i bhfeidhm go héifeachtach faoi dháta an aontachais. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hÚcráine a comhaontuithe trádála agus infheistíochta a chur i gcomhréir le *acquis* an Aontais faoi dháta an aontachais. Iarrann an tAontas ar an Úcráin comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach maidir le gach athrú a thagann ar an mbeartas trádála sa tréimhse réamhaontachais agus í féin a ailíniú leis na beartais agus na seasaimh ón Aontas i leith tríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear san Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil sé de fhreagracht ar an Úcráin a áirithiú go mbeidh a **comhaontuithe idirnáisiúnta** uile, agus go háirithe gach comhaontú a bhaineann le trádáil nó gach conradh déthaobhach infheistíochta idir an Úcráin agus tríú tíortha, i gcomhréir leis an *acquis* tráth an aontachais. Meabhraítear don Aontas go mbeidh sé de cheangal ar an Úcráin deireadh a chur le gach comhaontú déthaobhach atá ann cheana idir an Úcráin agus tríú tíortha, agus le gach comhaontú idirnáisiúnta eile arna thabhairt i gcrích ag an Úcráin nach bhfuil ag teacht leis na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas agus go háirithe inniúlacht eisiach an Aontais maidir leis an gComhbheartas Tráchtála.

Is díol sásaimh don Aontas gealltanais na hÚcráine a comhaontuithe saorthrádála uile a shéanadh ina n-iomláine faoi dháta an aontachais agus a áirithiú go ndéanfar gach comhaontú maidir le trádáil, infheistíocht agus comhar eacnamaíoch agus gach comhaontú ábhartha eile a thabhairt chun comhréireachta le *acquis* an Aontais. Iarrtar ar an Úcráin an tAontas a choinneáil ar an eolas maidir le hábhar aon chaibidlíochta le tríú tíortha ar an mbonn sin agus dlúth-chomhordú a dhéanamh ar aon chaibidlíocht mar sin leis an gCoimisiún. Tugann an tAontas dá aire gealltanais na hÚcráine gur cheart foráil a áireamh in aon chomhaontú nua a bhaineann le trádáil a d'fhéadfadh an Úcráin a thabhairt i gcrích le tríú tír idir seo agus dáta an aontachais lena gcuirfear ar chumas na hÚcráine deireadh a chur leis an gcomhaontú, roimh an aontachas, gan aon ghá le cúiteamh de chineál ar bith ón Aontas. Tugann an tAontas dá aire nach mór don Úcráin comhtharaif chustaim an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le gach táirge agus léirscaoileadh trádála seirbhísí de chuid an Aontais, ó lá an aontachais ar aghaidh.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le **rialú onnmhairiúcháin earraí dé-úsáide**. Iarrann an tAontas ar an Úcráin feabhas a chur ar a hullmhú foirne chun rialacha an Aontais sa réimse sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach roimh an aontachas. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé don Úcráin a creat dlíthiúil a ailíniú go leanúnach leis na forálacha atá fágtha i Rialachán (AE) 2021/821 maidir le **hearraí dé-úsáide**. A mhéid a bhaineann le córais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí, tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ina comhalta de **Chomhshocraíocht Wassenaar**, Grúpa na hAstráile, Grúpa na Soláthróirí Ábhar Núicléach (NSG) agus den Chóras Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán (MTCR). Ní mór don Úcráin freisin rialacha an Aontais maidir le tacaíocht oifigiúil do chreidmheas onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach bhearta cosanta trádála an Aontais a áirithiú tráth an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil aon reachtaíocht ann lena rialaítear an **scagadh a dhéantar ar infheistíochtaí díreacha coigríche** san Úcráin agus is díol sásaimh dó a thiomanta atá an Úcráin reachtaíocht nua a ghlacadh a bheidh i gcomhréir le rialacha an Aontais sa réimse sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Úcráin ailíniú le forálacha Rialachán (AE) 2019/452 maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh – lena n-áirítear aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo mar a bheartaítear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán nua maidir le hinfheistíochtaí coigríche a scagadh ó mhí Eanáir 2024.

Tugann an tAontas dá aire, i réimse na n-**ionstraimí beartais eachtraigh**, go bhfuil an Úcráin ina páirtí i **bPróiseas Kimberley** ina ceart féin ó 2003 i leith, agus go bhfuil a creat dlíthiúil náisiúnta lena rialaítear an trádáil diamant i gcomhréir le scéim deimhniúcháin Phróiseas Kimberley. Tugann an tAontas dá aire freisin go mbeidh an Úcráin, ó dháta an aontachais leis an Aontas, ina ball den scéim deimhniúcháin faoi bhallraíocht an Aontais agus nach mbeidh sí ina ball den scéim inti féin a thuilleadh mar atá sí faoi láthair. Tugann an tAontas dá aire rún na hÚcráine údarás Aontais le haghaidh Phróiseas Kimberley a bhunú. Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Úcráin ailínithe le *acquis* an Aontais maidir leis an **bhfrithchéastóireacht**. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh an Úcráin ailínithe go hiomlán leis na forálacha i Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an bhfrithchéastóireacht, agus meabhraítear dó nach mór forfheidhmiú éifeachtúil na rialacha a áirithiú tráth an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin tiomanta beartas agus prionsabail an Aontais lena dtreoraítear a comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta i réimse an **bheartais gníomhaíochta um fhorbairt** a chur chun feidhme. Molann an tAontas don Úcráin creat dlíthiúil a bhunú lena gcumhdófar an comhar idirnáisiúnta agus an beartas forbartha i gcomhréir le beartais agus prionsabail an Aontais, lena n-áirítear acmhainneachtaí riaracháin a neartú agus gníomhaireacht forbartha a bhunú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin tiomanta beartas agus prionsabail an Aontais lena dtreoraítear soláthar na cabhrach daonnúla i réimse an **bheartais maidir le cabhair dhaonnúil** a chur chun feidhme. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil acmhainneachtaí ag an Úcráin idirghabhálacha daonnúla a chur ar fáil agus go nglacann sí páirt sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil creat dlíthiúil náisiúnta i bhfeidhm ag an Úcráin, creat atá ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais sa réimse sin. Iarrann an tAontas ar an Úcráin creat beartais straitéiseach a fhorbairt chun cabhair dhaonnúil a sholáthar do thíortha nach bhfuil san Aontas i gcomhréir le beartais agus prionsabail an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire, a mhéid a bhaineann le **comhrac an éillithe sa chaidreamh seachtrach**, go bhfuil creat dlíthiúil mar aon le straitéis náisiúnta i bhfeidhm ag an Úcráin chun an t-éilliú a chomhrac. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint de chomhrac an éillithe trí na bearta in aghaidh an éillithe a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go leanúnach, lena n-áirítear bearta coisctheacha agus múscailt feasachta.

2. Caibidil 31 – An beartas eachtrach, slándála & cosanta

Is díol sásaimh don Aontas, in ainneoin na ndúshlán a bhaineann le cogadh foghach leanúnach na Rúise, go bhfuil beartais eachtracha, slándála agus cosanta na hÚcráine á dtreorú ag rogha straitéiseach na hÚcráine i dtreo ballraíocht san Aontas agus go léirítear an rogha sin iontu.

Maidir le **hinstitiúidí agus leis an bpróiseas cinnteoireachta**, tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ar an mbóthar ceart chun ullmhú do chur chun feidhme éifeachtúil tráthúil agus chun páirt a ghlacadh in CBES agus CBSC agus go mbeidh sí in ann a riarachán agus a hacmhainneachtaí a oiriúnú amach anseo. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir an **t-idirphlé polaitiúil** forleathan atá aige leis an Úcráin, rud atá treisithe a thuilleadh i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise. Coinníonn an Úcráin dlúth-idirphlé polaitiúil dian ar bun agus tá comhaontuithe déthaobhacha slándála sínithe aici le formhór Bhallstáit an Aontais, comhaontuithe atá comhlántach leis na gealltanais chomhpháirteacha slándála idir an tAontas agus an Úcráin. Tugann an tAontas dá aire ról gníomhach na hÚcráine seasaimh a ghlacadh atá ailínithe le luachanna an Aontais agus le leasanna an bheartais eachtraigh agus a hiarrachtaí dlús a chur lena rannpháirtíocht taidhleoireachta le comhpháirtithe domhanda i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise agus na for-rochtana chun tacú le síocháin chóir, mharthanach agus chuimsitheach.

Maidir leis an **gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES)**, tugann an tAontas dá aire gur bhain an Úcráin ráta ailínithe 95 % bainte amach in 2024 le ráitis ón Ardionadaí thar ceann an Aontais agus le Cinntí ón gComhairle maidir le bearta sriantacha. Molann an tAontas go láidir don Úcráin céimeanna nithiúla breise a thabhairt i dtreo ailíniú iomlán le ráitis ón Ardionadaí thar ceann an Aontais agus le cinntí ón gComhairle maidir le bearta sriantacha, i gcomhréir le prionsabail na ceannasachta agus iomláine chríochach gach stáit, d'fhonn ailíniú 100 % a bhaint amach faoi dháta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le **bearta sriantacha**. Tá an tAontas ag súil go mbeidh ailíniú iomlán le córais smachtbhannaí uile an Aontais bainte amach ag an Úcráin faoi dháta an aontachais agus tugann sé dá aire iarrachtaí na n-údarás feabhas a chur ar a reachtaíocht agus ar a sásraí náisiúnta maidir le smachtbhannaí, go háirithe chun smachtbhannaí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun teacht timpeall a chomhrac. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint dá creat, lena gcuirtear smachtbhannaí chun feidhme, a neartú i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hÚcráine tacú leis na bearta agus na gníomhaíochtaí a chuireann an tAontas chun feidhme agus páirt a ghlacadh iontu i réimse **chosc na gcoinbhleachtaí**. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat reachtach agus teicniúil na hÚcráine maidir le coinbhleachtaí a chosc ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. I gcomhthéacs CBSC, iarrann an tAontas ar an Úcráin an bhearna idir luathrabhadh agus luathghníomhaíocht a dhúnadh a thuilleadh, lena n-áirítear go dtreoródh an anailís gníomhaíochtaí chun coinbhleachtaí a chosc ar bhealach comhtháite.

A mhéid a bhaineann le **neamhleathadh**, tugann an tAontas dá aire go dtacaíonn an Úcráin le cuspóirí an Aontais maidir le dí-armáil, rialú arm agus neamhleathadh agus go bhfuil sí réidh chun an *acquis* gaolmhar a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Tugann an tAontas dá aire gur páirtí stáit í an Úcráin sna mór-chomhaontuithe idirnáisiúnta uile maidir le neamhleathadh arm ollscriosta, agus i réimse na ngnáth-arm. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé ailíniú leis na seasaimh ón Aontas i bhfóraithe éagsúla idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh agus rialú arm, ar tosaíocht thábhachtach de chuid an Aontais é. Molann an tAontas don Úcráin an Conradh Trádála Arm a dhaingniú; seasamh i gcónaí leis an sprioc dhaonnúil agus caomhnú agus dul chun cinn a dhéanamh, chomh fada agus is féidir, maidir lena baineadh amach go domhanda leis an gCoinbhinsiún maidir le toirmeasc ar mhianaigh frithpheasanra agus an ról atá aige sin; agus a chreat dlíthiúil maidir le rialú onnmhairithe arm a ailíniú le Comhsheasamh 2008/944/CBSC.

Tugann an tAontas dá aire iarrachtaí na hÚcráine monarú, fáil, sainaitheint, clárú, stóráil agus cosaint **mionarm agus armán éadrom (MAAE)** a rialú. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil straitéis náisiúnta (treochlár) á hullmhú ag an Úcráin chun gáinneáil neamhdhleathach ar MAAE a chomhrac agus a chosc, bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach náisiúnta ar bhagairtí, d'fhonn í a ghlacadh faoi mhí na Nollag 2025. Iarrann an tAontas ar an Úcráin raon feidhme fhreagrachtaí na n-údarás náisiúnta, na gníomhaíochtaí atá le déanamh laistigh de thréimhse shonraithe ama, agus a maoiniú, a leagan amach sa straitéis agus é a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras, agus leas iomlán á bhaint as an gcúnamh a chuireann an tAontas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta ar fáil. Rinne an Úcráin dul chun cinn i réimse an rialaithe MAAE agus ba cheart di leanúint dá cuntas teiste láidir a threisiú, lena n-áirítear riosca na gáinneála aindleathaí ar airm a chur san áireamh.

Maidir le **comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta**, tugann an tAontas dá aire go mbíonn an Úcráin ag plé le breis agus 80 eagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear príomhinstitiúidí amhail na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa, agus an Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip. Is díol sásaimh don Aontas gur Stát is Páirtí i Reacht na Róimhe í an Úcráin, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025. Tugann an tAontas dá aire ailíniú comhsheasmhach na hÚcráine leis na seasaimh ón Aontas i bhfóiraim idirnáisiúnta agus tugann sé dá aire go dearfach rannpháirtíocht ghníomhach na hÚcráine i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise agus a tiomantas fis chomhroinnte maidir leis an tsíocháin, an chuntasacht agus an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a fhíorú.

Tugann an tAontas dá aire go dearfach rannpháirtíocht ghníomhach na hÚcráine i **bhfóiraim idirnáisiúnta um chearta an duine** chomh maith lena hailíniú le ráitis agus seasaimh ón Aontas iontu. Is díol sásaimh don Aontas tiomantas na hÚcráine leanúint dá tosaíochtaí i réimse chearta an duine a ailíniú le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas agus le Plean Gníomhaíochta III maidir le hInscne, chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Mná, an tsíocháin agus an tSlándaíl.

Thug an tAontas agus an Úcráin Comhaontú maidir le Slándaíl Faisnéise i gcrích i ndáil le cosaint fhrithpháirteach faisnéise rúnaicmithe atá i bhfeidhm ó 2007 i leith. Tá reachtaíocht agus creat institiúideach na hÚcráine comhoiriúnach ar an iomlán le caighdeán an Aontais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá reachtaíocht agus bearta fisiciúla agus cripteagrafacha a oiriúnú a thuilleadh chun go mbeidh an Úcráin in ann faisnéis atá rúnaicmithe ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus os a chionn a mhalartú go leictreonach.

Tugann an tAontas dá aire creat daingean na hÚcráine agus is díol sásaimh dó a cur chuige uile-rialtais maidir le **bagairtí hibrídeacha** a chomhrac. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint de na dlíthe ábhartha a thabhairt cothrom le dáta agus iad a ailíniú le *acquis* an Aontais.

Molann an tAontas don Úcráin leanúint dá hiarrachtaí an deis a laghdú go ndéanfaí **ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (ICIEF)**, lena n-áirítear bréagaisnéis. Iarrtar ar an Úcráin ionadaithe na hÚcráine a chur chuig an Meitheal um Chumarsáid Straitéiseach idir an tAontas agus an Úcráin agus díriú ar Bhosca Uirlisí ICIEF an Aontais agus ar ghlacadh reachtaíochta atá ailínithe leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé ar intinn ag an Úcráin páirt a ghlacadh sa Sciath Eorpach don Daonlathas.

I bhfianaise mór-ionradh agus chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tá feabhas suntasach curtha ar an gcomhar míleata agus slándála idir an tAontas agus an Úcráin, go háirithe faoi chuimsiú na **Saoráide Eorpaí Síochána**.

Is díol sásaimh don Aontas an comhar méadaithe leis an Úcráin in ábhair a bhaineann leis **an tslándáil agus leis an gcosaint**, a phléitear go rialta i gcomhthéacs an Idirphléid idir an tAontas agus an Úcráin agus na nIdirphléití Cosanta agus formáidí eile, agus tugann sé dá aire gur spéis leis an Úcráin acmhainneachtaí thionscal cosanta na hÚcráine a fhorbairt trína chomhtháthú i mbonn tionsclaíoch cosanta an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire an rannchuidiú a rinne an Úcráin roimhe seo le misin agus oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais **faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC)**, lena n-áirítear le EUFOR Althea sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus le EUNAVFOR ATALANTA a cuireadh ar fionraí nuair a tugadh isteach an dlí airm. Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise, cuireadh feabhas suntasach ar an gcomhar míleata agus slándála idir an Úcráin agus an tAontas agus a Bhallstáit, lena n-áirítear tríd an tSaoráid Eorpach Síochána (trí na Bearta Cúnaimh chun trealamh míleata a sholáthar), agus trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) agus trí Mhisean Comhairleach an Aontais le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine). Tá an Úcráin réidh lena rannpháirtíocht ghníomhach i misin agus oibríochtaí CBSC de chuid an Aontais a atosú a luaithe a bheidh na dálaí ann chun go mbeifear in ann tús a chur le gníomhaíochtaí seachtracha an athuir.

Tugann an tAontas dá aire gur spéis leis an Úcráin páirt a ghlacadh i dtionscadail **bhuanchomhair struchtúrtha** (PESCO). Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint dá hiarrachtaí páirt a ghlacadh i dtionscadail ábhartha PESCO amach anseo. Mar chreat faoi stiúir na mBallstát, déanann rannpháirtithe na dtionscadal faoi seach meastóireacht ar na hiarrataí sin ar dtús.

Tugann an tAontas dá aire, maidir le **comhrac an éillithe sa bheartas eachtrach, slándála agus cosanta**, go bhfuil gá le céimeanna cinntitheacha breise a thabhairt chun dul i ngleic le rioscaí éillithe in earnáil na cosanta i gcomhthéacs fhogha na Rúise faoin Úcráin. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a creat institiúideach a neartú chun an trédhearcacht agus an chuntasacht a mhéadú, chun na córais soláthair cosanta a nuachóiriú, agus chun srian a chur le cleachtais éillitheacha i gcórais chúitimh mhíleata.

* * *

I bhfianaise staid reatha na n-ullmhúchán, tugann an tAontas dá aire nach bhféadfar, agus é le tuiscint nach mór don Úcráin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh san ailíniú le *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis na caibidlí seo a leanas, agus i gcur chun feidhme an *acquis* sin, iad sin a dhúnadh go sealadach ach amháin nuair a chomhaontóidh an tAontas gur comhlíonadh na tagarmharcanna seo a leanas:

Caibidil 30 – An caidreamh seachtrach

- Tá a creat dlíthiúil ailínithe ag an Úcráin leis na forálacha atá fágtha i Rialachán (AE) 2021/821 maidir le rialú onnmhairiúcháin earraí dé-úsáide, arna leasú, le forálacha Rialachán (AE) 2019/452 maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh, arna leasú, agus na forálacha i Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an bhfrithchéastóireacht.
- Tá plean gníomhaíochta curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Úcráin ina bhfuil fardal cuimsitheach dá comhaontuithe idirnáisiúnta d'fhonn na comhaontuithe sin a thabhairt chun comhréireachta le *acquis* an Aontais ó lá an aontachais.

Caibidil 31 – An beartas eachtrach, slándála & cosanta

- Tá straitéis náisiúnta agus plean gníomhaíochta glactha ag an Úcráin chun gáinneáil agus seilbh neamhdhleathach arm tine, armlóin agus pléascán a chomhrac i réimse an rialaithe MAAÉ, ina leagtar amach raon feidhme fhreagrachtaí na n-údarás náisiúnta, gníomhaíochtaí atá le déanamh laistigh de thréimhse shonraithe, agus maoiniú na ngníomhaíochtaí sin, agus dul chun cinn nithiúil déanta aici maidir lena chur chun feidhme.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hÚcráine a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an acmhainneacht aici chun ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gcnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir caibidlí an chnuasaigh atá faoi chaibidil anseo agus caibidlí caibidlíochta eile. Ní féidir measúnú críochnaitheach a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hÚcráine le *acquis* an Aontais ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim is faide anonn sa chaibidlíocht.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil fillleadh ar an gcnuasach sin tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua de chuid an Aontais teacht chun bheith ann idir an 8 Iúil 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.
